

Naisc idir Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

	Gnéithe de na hAonaid Tosaíochta Foghlama	Torthaí Foghlama Leibhéal 2	Sonraíocht Churaclaim na Sraithe Sóisearaí: Naisc molta le torthaí foghlama
Cumarsáid agus Litearthacht	Labhairt mar is cuí ar chuspóirí éagsúla agus aireachas mar éisteoir a thaispeáint	1.1 Éisteacht chun eolas a fháil a bhaineann le níos mó ná rogha amháin, m.sh. éisteacht le fógraí a bhaineann le scoil, amhlár labhartha a úsáid chun am teachta agus imeachta traenach a fháil	1.3 faisnéis shonrach a shainnítear i dtéacsanna a bhaineann le topaicí coitianta amhail fógraí, comhráite, míreanna simplí nuachtana
		1.2 Ceisteanna a chur chun eolas a fháil, m.sh. dátaí/praghsanna a sheiceáil (aghaidh le haghaidh agus ar an teileafón), béile a chur in áirithe ar an teileafón	1.13 ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe, mothúcháin agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta i gcúrsaí laethúla
		1.3 Sraith de threoracha labhartha a leanúint faoi mhaoirseacht, m.sh. gabh chuig seomra an mhúinteora, siopa áitiúil, nó oifig an phoist, creidmheas a chur sa fón póca	1.2 focail agus frásaí atá bainteach le réimsí tábhachtacha agus taithí láithrí agus a úsáidtear go minic a aithint, lena n-áirítear an teanga a úsáidtear i ngnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga
	Léitheoireacht a dhéanamh chun bun eolas a fháil	1.12 Focail choiteanna a léamh a úsáidtear go minic agus a bhaineann leo go pearsanta, m.sh. liosta rudáí a léamh a bhaineann le spéis an dalta/spóirt/caitheamh aimsire pearsanta, ainmneacha bhaill teaghlaigh	1.7 faisnéis shonrach a shainnítear i raon téacsanna ina ndéileáiltear le topaicí coitianta
		1.14 Cineálacha difriúla scríbhneoireachta agus téacs a léirmhíniú, lena n-áirítear comharthaí agus siombailí sóisialta, m.sh. gnáthfhormaidí billí, biachláir, foirmeacha, cláir ama, comharthaí bóthair agus eile, treoracha simplí ullmhúchán bia (bruith ubh, déan ceapaire, déan cupán tae), píosa gairid scríbhneoireachta a bhaineann leo go pearsanta	1.5 an bhrí atá le focail choitianta agus le frásaí coitianta a aithint, lena n-áirítear comharthaí agus fógraí laethúla in áiteanna poiblí
		1.15 Eochair eolais a aimsiú ó chineálacha difriúla scríbhneoireachta, m.sh. eolas fíriciúil a aimsiú i bhfoirmeacha/billí, amanna agus dátaí coinní, biachláir, cláir ama, nuachtáin	1.6 an bhrí ghinearálta atá le téacs ar thopaicí coitianta a thuiscint
	Réimse leaganacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl	1.17 Nótaí agus teachtaireachtaí a scríobh/chlóscríobh atá de dhíth chun tascanna simplí a dhéanamh, m.sh. seoladh a chur ar chlúdach	1.17 focail a scríobh agus abairtí gearra a chruthú go cruinn ar thopaicí laethúla ach meáin éagsúla (ríomhphoist, litreacha, blaganna, cártaí poist...) a úsáid
		1.18 Ar a laghad cúig abairt a scríobh/chlóscríobh ionas go ndéanann siad ciall nó go gcuireann siad eolas in iúl, m.sh. cruinniú a shocrú le cara, treoracha a thabhairt	1.19 téacsanna a chruthú faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá
		1.21 Réimse de chineálacha difriúla scríbhneoireachta a úsáid le teacht leis an gcuspóir agus leis an lucht léitheoireachta, m.sh. seic a scríobh, foirm shimplí a chomhlánú, iontráil dialainne a chur isteach	1.21 foirmeacha atá ábhartha dá aoisghrúpa agus dá thaithe a chomhlánú
	Ealaíona léiritheacha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh	1.22 Páirt a ghlacadh i léiriú nó i gcur i láthair, m.sh. mír bheag drámaíochta a léiriú don rang, damhsa nó ceol a léiriú do thuismitheoirí	2.2 an fhoghlaim teanga ar fad a chur i bhfeidhm ar gníomhaíochtaí cruthaitheacha, amhail dánta simplí, póstaer, cur i láthair, cluichí agus drámaíocht a tháirgeadh
Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá oiriúnach do réimse cuspóirí	1.29 Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile i ngníomhaíocht	1.16 cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ó bhéal ach teicneolaíochtaí digiteacha ar nós na meán sóisialta a úsáid	
	1.36 Faisnéis le haghaidh tionscnaimh a aimsiú ar an nGréasán	3.6 faisnéis a roghnú, a phróiseáil agus a chur i láthair ach teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go cuí agus firinne agus iontaofacht na faisnéise sin a mheasúnú	
Uimhearthacht	Airgead a bhainistiú	2.1 Nótaí agus boinn a úsáidtear go minic a aithint	1.14 uimhreacha a thuiscint agus iad a úsáid de réir mar is cuí i gcúrsaí laethúla, amhail siopadóireacht, uimhreacha a mhalartú, eachtraí a chur in ord
	Feasachta fhorbairt ar uimhreas	2.8 Uimhreacha suas go 100 in U a aithint, m.sh. fios a bheith acu cá mhéad náid le haghaidh deicheanna, céadta	3.10 comparáid a dhéanamh idir úsáid uimhreacha i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus úsáid uimhreacha ina thír féin, agus iad a chur i gcodarsnacht lena chéile maidir le topaicí coitianta amhail praghsanna, aois, dátaí, séasúir
Ag maireachtáil i bpobal	Dea-chaidreamh a fhorbairt	4.2 Cásanna a aithint nuair a labhraíonn daoine go difriúil ag brath ar an lucht éisteachta, m.sh. piaraí, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine fásta eile	2.3 an chaoi a dtéann gnásanna inscne agus sóisialta i bhfeidhm ar úsáid na sprioctheanga a aithint 3.9 léirithuisicint a ghnóthú ar an gcaoi a dtéann difríochtaí cultúrtha i bhfeidhm ar chaidreamh sóisialta, ar nós beannachtaí agus béilí a ithe le chéile
	Áiseanna áitiúla a úsáid	4.14 Bealaí a liostú chun am fóillíochta a chaitheamh	1.19 téacsanna a chruthú faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá

* Níl sna naisc seo ach 'samplaí' féideartha. Beidh múinteoirí/an roinn ábhair in ann naisc chúil ábhartha a aithint le torthaí foghlama ar leith de chuid CFL2 a mheasann siad a bheith oiriúnach i gcás a gcuid scoláirí féin. Ina theannta sin, cé nach bhfuil ach trí ATF san áireamh anseo, d'fhéadfaí go n-aithneodh múinteoirí torthaí foghlama san ATF 'Cúram Pearsanta' agus 'Ag Ullmhú don Obair' a bheadh oiriúnach dá scoláirí féin agus iad ag foghlaim i Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí.